Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**5911/23**

**FIN 116**
**INST 8**
**PE-L 3**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5777/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 01/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 26 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 01/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is cuspóir don togra seo an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit a shlógadh ar mhéid EUR 1.3 billiún ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí chun íoc an réamh-mhaoinithe do Bhallstáit in 2023 a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán Chúlchiste Coigeartaithe Brexit[2], mar a thaifeadtar in 5777/23 é.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Feabhra 2023.

3. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 5777/23 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[3], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 01/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).